# Ceisteanna/Spreagthaigh don Mhachnamh

## Obair Ghrúpa

Cén ról a bhí agat san obair ghrúpa?
Nuair a bhíonn ról ar leith agat, an gcabhraíonn sé leat foghlaim?
Céard a thaitin leat faoin gcaoi ar chuir tú le hobair an ghrúpa?
Céard a d'fhoghlaim tú ó bheith ag obair i ngrúpa?

## Féinriar

Conas a d'éirigh leat cur le do chumas cumarsáide san aonad foghlama seo? Conas atá a fhios agat?
Ar sháraigh tú aon dúshlán san aonad foghlama seo? Conas?
Cén aidhm(eanna) foghlama pearsanta a bhí agat san aonad foghlama seo?
Léirigh cén chaoi ar éirigh leat aidhm foghlama ar leith a bhaint amach.

## Aistear foghlama pearsanta

Tabhair sampla den dul chun cinn atá déanta agat.
Cad is féidir leat a dhéanamh chun feabhas a chur ar an gcéad iarracht eile?
Céard/Cé a chuideodh leat san iarracht sin?
Cad atá foghlamtha agat faoi do stíl phearsanta foghlama féin?
Céard iad na straitéisí foghlama ar leith a thaitníonn leat agus a chabhraíonn leat foghlaim?

## Feasacht

Cén léargas atá faighte agat ar chultúr/thraidisiúin na Gaeilge?
Cén tuiscint nua a d'fhorbair tú faoi struchtúir na Gaeilge (m.sh. patrúin teanga mar chomhréir, bhriathra, ainmfhocail srl.)?
Déan cur síos ar na Príomhscileanna (scileanna teicneolaíochta san áireamh) a d'fhorbair tú san aonad seo.
Cad iad na cosúlachtaí agus difríochtaí a aithníonn tú idir an Ghaeilge agus teanga ar bith eile?

*Ní liosta uileghabhálach é seo. Is moltaí iad na ceisteanna/spreagthaigh seo chun tacú le foghlaim an scoláire.*


CC BY NC